

AMHARÁN THOMÁIS UI CHAOLAIGH.

'S an mhóin a chaith ráithe i mbad narb olc í le dóghadh
'S nach iomadh sin cás a thagans ar bhuachaillín óg
Casadh dho'n mná chuir fáilte romham turas no dhó
Is go mbeidh mé fróthab thall faoi Cháisg má mhairim-se beó.

'S a Thomáis Ui Chaolaigh Críost nár lagadh do láimh
nár thighe ort chodhchin an aois a liathfhas do cheann
Ó chraicneach go maoirseach mo lean seadh ghnidhtea do sgód
Gur cuireadh na báid ón gCeann go Cuan an Fhir Mhóir.

Dá bhfeicfheá bád White is í dá thabhairneáil anoir leis a gCeann
Nior chorrugh bád Green dá heel imBaile Uí bFiacháin
Bhí sí dhul síos 's aníos a plúchadh cnoic agus gleann
Is i mBéul Chuain a Dúin seadh d'iompaigh Johnny a láimh

Tá an Cutlash faoi sheól anois is i gabhail na farrige siar
Gan aon duine beó dhá gabhail ach Muire 'gus Dia
Nuair a chaith sí Ceann Bóirne ba mór é torrann 'na diadh
'S go mbeidh sí ó ló faoi mhóin ag Tomás Ó Biadh.

'S a Thomáis Ui Bhiadh tá mial i bhfastughadh 'do chúl
'S táim cinnte dhá gcuirtí ar tiarrach go dtarrineóchaidh sé móin
Srathar is cliabh is é chur aniar ar do thoin
Ach cuirim sgread léin ar chlar téudan mar 's fada í do shrón